AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2023
COM(2023) 224 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) 816/2006

{SEC(2023) 173 final} - {SWD(2023) 120 final} - {SWD(2023) 121 final} - {SWD(2023) 122 final}

Iarscríbhinn – Liostaítear thíos na modhanna géarchéime nó éigeandála dá dtagraítear in Airteagal 4 agus na comhlachtaí comhairleacha inniúla mar a thagraítear dóibh in Airteagal 6(2):

Sásra géarchéime nó éigeandála an Aontais	Modh géarchéime nó modh éigeandála	Comhlacht Comhairleach Inniúil
1. Rialachán XXX/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle [COM(2022) 459]	**Modh éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair** arna ghníomhachtú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle [Airteagal 14 de Rialachán XXX/XX] [COM(2022) 459]	**Grúpa Comhairleach** [Airteagal 4 de Rialachán XXX/XX] [COM(2022) 459]
2. Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE	**Éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais** arna haithint go foirmiúil trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún [Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2022/2371]	**An Coiste Slándála Sláinte** [Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2371]
3. Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle an 24 Deireadh	**Creat éigeandála** arna ghníomhachtú ag glacadh Rialacháin ón gComhairle [Airteagal 3 de Rialachán	**An Bord um Ghéarchéimeanna Sláinte** [Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/2372]

Fómhair 2022 maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais	(AE) 2022/2372]	
4. Rialachán XXX/XX lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú [COM(2022) 46]	**Céim ghéarchéime** arna gníomhachtú ag gníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún [Airteagal 18 de Rialachán XXX/XXX] [COM(2022) 46]	**Bord Eorpach Leathsheoltóirí** [Airteagal 23 de Rialachán XXX/XXX] [COM(2022) 46]
5. Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010	**Éigeandáil Aontais** arna dearbhú ag an gCoimisiún [Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1938]	**An Grúpa Comhordaithe Gáis** [Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1938]